**COMHAONTÚ COTONOU ACC-AE**

| EAGRAÍOCHT NA STÁT SAN AFRAIC, I MUIR CHAIRIB AGUS SAN AIGÉAN CIÚIN | COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH |
|---|---|
| | **An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2022 (OR. en)** |
| **ACP/21/003/22** | **ACP-UE 2103/22** |

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Tuarascáil ó Chomhairle Airí ACC-AE chuig Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE 2019-2022 |

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, dá ngairtear 'Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE' anseo feasta, cuireann Comhairle Airí ACC-AE leis seo a tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe in 2019-2022 faoi bhráid Chomhthionól Parlaiminteach ACC-AE.

# TUARASCÁIL Ó CHOMHAIRLE AIRÍ ACC-AE

# CHUIG COMHTHIONÓL PARLAIMINTEACH ACC-AE

# MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME

# CHOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA ACC-AE

(2019-2022)

CLÁR


Leathanach

I. Réamhrá 4

II. Gníomhaíochtaí Chomhairle Airí ACC-AE agus a comhlachtaí ullmhúcháin i réimsí sonracha comhair 5

1. Comhar polaitiúil 5
2. Forbairt eacnamaíoch agus comhar trádála 6
3. Comhar i maoiniú na forbartha 6

III. Forbhreathnú ar obair Chomhairle Airí ACC-AE agus a comhlachtaí ullmhúcháin, agus na doiciméid a glacadh 7

1. Cruinnithe 7
2. Cinntí 8
3. Doiciméid pholaitiúla 10

# I. RÉAMHRÁ

Ba ar an mbreithniú agus ar an ullmhúchán don chomhar a bheidh ann amach anseo is mó a bhí aird ag Comhairle Airí ACC-AE le linn na tréimhse 2019 go dtí 2022.

In 2019, phléigh Comhairle Airí ACC-AE na bealaí chun an comhar idir an dá thaobh.a neartú i bhfóraim idirnáisiúnta. Ina theannta sin, phléigh na páirtithe rialachas na n-aigéan agus lean siad den mhalartú tuairimí maidir leis an athrú aeráide agus an imirce.

I gcomhthráth leis sin, lean Comhairle Airí ACC-AE, agus a cuid comhlachtaí ullmhúcháin ag tabhairt cúnamh di, le forbairt an chomhair pholaitiúil ACC-AE i réimsí eile a bhaineann leis na trí cholún atá aici: an comhar polaitiúil, an comhar eacnamaíoch agus trádála agus an comhar i maoiniú na forbraíochta.

## II. GNÍOMHAÍOCHTAÍ CHOMHAIRLE AIRÍ ACC-AE AGUS A COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN I RÉIMSÍ SONRACHA COMHAIR

### 1. Comhar polaitiúil

In 2019, is ar an gcomhar polaitiúil i gceithre cinn de réimsí a dhírigh Comhairle Airí ACC-AE agus Coiste Ambasadóirí ACC-AE: an comhar a neartú i bhfóraim idirnáisiúnta, an t-athrú aeráide, rialachas na n-aigéan agus an imirce.

Lean na Páirtithe dá bplé maidir leis an gcomhar a neartú i bhfóraim idirnáisiúnta, rud a mheasann an dá thaobh is príomhghné den Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE nua.

D’athdhearbhaigh na Páirtithe a ngealltanais leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta i gcomhrac an athraithe aeráide agus de bheidh ag obair as láimh a chéile chun go n-éireoidh le COP25 UNFCCC.

Maidir le rialachas na n-aigéan, bhí malartú tuairimí ag na Páirtithe maidir leis na féidearthachtaí comhar ACC-AE a threisiú i bhfóraim idirnáisiúnta.

Lean siad den mhalartú tuairimí maidir leis an imirce agus bhí plé cuimsitheach acu ar an ábhar, agus d’athdhearbhaigh na Páirtithe go bhfuil rún daingean acu freagraí leordhóthanacha a fháil ar an tsaincheist sin.

Ag an gcruinniú a bhí aici an 23 agus an 24 Bealtaine 2019, scrúdaigh Comhairle Airí ACC-AE na torthaí a bhí ar na seisiúin de Chomhthionól Parlaiminteach ACC-AE a tionóladh in 2018 sa Bhruiséil agus in Cotonou, Beinin, agus ghlac sí an tuarascáil chuig Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE in 2018.

## 2. Forbairt eacnamaíoch agus comhar trádála

Bhí straitéisí forbartha eacnamaíocha go mór ar chlár oibre Chomhairle Airí ACC-AE agus a comhlachtaí ullmhúcháin. Ba é forbairt na hearnála príobháidí príomhábhar an phlé, eadhon cur chun feidhme an Chreata Chomhpháirtigh ACC-AE um Fhorbairt na hEarnála Príobháidí agus an Chomhghuaillíocht idir an Afraic agus an Eoraip le haghaidh Infheistíocht agus Poist Inbhuanaithe.

Bhí an comhar trádála féin go mór ar chlár oibre Chomhairle Airí ACC-AE agus a comhlachtaí ullmhúcháin: pléadh é ar an leibhéal aireachta (Comhairle Airí ACC-AE agus Comhchoiste Aireachta ACC-AE um Thrádáil) agus ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach (Coiste Ambasadóirí ACC-AE, Fochoiste ACC-AE um Chomhar Trádála). Is ar na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCEnna) a díríodh sna díospóireachtaí trádála.

Maidir leis na CCEnna, tháinig méadú leanúnach ar an spéis a bhí ag tíortha ACC dul isteach i gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche réigiúnach sa bhliain 2019. Coinníodh an bhéim ar chur chun feidhme, agus i ndáil le roinnt réigiún agus tíortha, ar na CCEnna atá ann cheana a dhoimhniú agus a leathnú.

Bhí malartú tuairimí ag Comhchoiste Aireachta ACC-AE um Thrádáil maidir le raon leathan saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar chóras trádála ACC-AE, ar an leibhéal iltaobhach agus ar an leibhéal déthaobhach, maidir le tionchar chomhaontuithe trádála an Aontais le tríú páirtithe agus maidir le tráchtearraí.

## 3. Comhar i maoiniú na forbartha

I réimse an chomhair i maoiniú na forbraíochta, is ar na hábhair seo a leanas is mó a díríodh sa phlé a rinneadh sna hinstitiúidí comhpháirteacha: liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach, Feabhas ar Shlógadh Acmhainní Baile agus comhar ACC-AE maidir le rialachas idirnáisiúnta cánach.

## III. FORBHREATHNÚ AR OBAIR CHOMHAIRLE AIRÍ ACC-AE AGUS A COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN, AGUS NA DOICIMÉID A GLACADH

### 1. Cruinnithe

D'fhonn na cuspóirí a leagtar amach i gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a shaothrú, tionóladh na cruinnithe seo a leanas de Chomhairle Airí ACC-AE agus dá chomhlachtaí ullmhúcháin:

– Comhairle Airí ACC-AE (an Bhruiséil, an Bheilg, an 23 agus an 24 Bealtaine 2019)[1];

– Coiste ACC-AE um Chomhar i Maoiniú na Forbraíochta (airí) (an Bhruiséil, an Bheilg, an 23 Bealtaine 2019)[2];

– Coiste Ambasadóirí ACC-AE (an Bhruiséil, an 12 Aibreán 2019)[3];

– Fochoiste ACC-AE um Chomhar Trádála (an Bhruiséil, an 14 Márta 2019)[4];

– Coiste ACC-AE um Chomhar i Maoiniú na Forbraíochta (ionadaithe údaraithe) (an Bhruiséil, an Bheilg, an 2 Aibreán 2019).

Tá sonraí chruinnithe na n-institiúidí thuasluaite leagtha amach i dtorthaí a gcruinnithe.

Bhí díospóireachtaí freisin ag Comhairle Airí ACC-AE le Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE ag an 37ú seisiún de Chomhthionól Parlaiminteach ACC-AE, a tionóladh i mBúcairist na Rómáine, 18-20 Márta 2019 agus ag an 38ú seisiún, a tionóladh in Kigali, Ruanda 17-21 Samhain 2019. Is go fíorúil, an 3 agus an 10 Nollaig 2020, a tionóladh an 39ú seisiún, is go fíorúil, an 17 agus an 24 Meitheamh 2021, a tionóladh an 40ú seisiún. In Strasbourg na Fraince ón 1-3 Aibreán 2022 a tionóladh an 41ú seisiún agus in Maputo  Mhósaimbíc ón 29 Deireadh Fómhair go dtí an 2 Samhain 2022 a tionóladh an 42ú seisiún.

---

1 Toradh na n-imeachtaí: ACP/21/001/20 - ACP-UE 2103/20

2 Tá tuarascáil ó bhéal ón gcruinniú i gceangal le Toradh imeachtaí Chomhairle Airí ACC-AE (ACP/21/001/20 – ACP-UE 2103/20)

3 Toradh na n-imeachtaí: ACP/22/001/20 - ACP-UE 2102/20

4 Taifead achomair: ACP/61/050/19 - ACP-UE 2115/19

## 2. Cinntí

In 2019-2022, glacadh na Cinntí seo a leanas d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach i gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a bhaint amach:

– Cinneadh Uimh. 1/2019 ó Chomhairle Airí ACC-AE an 23 Bealtaine 2019 maidir le tarmligean cumhachtaí chuig Coiste Ambasadóirí ACC-AE i dtaca leis an gcinneadh bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE[5]

– Cinneadh Uimh. 1/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 25 Feabhra 2019 lena dtugtar urscaoileadh do Stiúrthóir an Lárionaid Theicniúil um Chomhar Talmhaíochta agus Tuaithe (CTA) i ndáil le cur chun feidhme a bhuiséid don bhliain airgeadais 2017[6]

– Cinneadh Uimh. 2/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 17 Nollaig 2019 lena dtugtar urscaoileadh do Stiúrthóir an Lárionaid Theicniúil um Chomhar Talmhaíochta agus Tuaithe (CTA) i ndáil le cur chun feidhme a bhuiséid don bhliain airgeadais 2018[7]

– Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 17 Nollaig 2019 maidir le bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE[8]

– Cinneadh Uimh. 1/2020 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 24 Feabhra 2020 lena gceaptar comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus Stiúrthóir an Lárionaid Theicniúil um Chomhar Talmhaíochta agus Tuaithe (CTA)[9]

---

5 ACP/21/004/19 - ACP-UE 2112/19
6 ACP/84/013/19 - ACP-UE 2102/19
7 ACP/84/103/19 - ACP-UE 2117/19
8 ACP/22/003/19 - ACP-UE 2116/19
9 ACP/84/017/20 - ACP-UE 2101/20

– Cinneadh Uimh. 2/2020 ó Choiste Ambasadóirí ACC- AE an 4 Nollaig 2020 maidir le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC- AE a leasú chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE[10]

– Cinneadh Uimh. 3/2020 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 22 Nollaig 2020 lena gceaptar comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus Stiúrthóir an Lárionaid Theicniúil um Chomhar Talmhaíochta agus Tuaithe (CTA)[11]

– Cinneadh Uimh. 4/2020 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 22 Nollaig 2020 lena dtugtar urscaoileadh do Stiúrthóir an Lárionaid Theicniúil um Chomhar Talmhaíochta agus Tuaithe (CTA) i ndáil le cur chun feidhme a bhuiséid don bhliain airgeadais 2019[12]

– Cinneadh Uimh. 1/2021 ó Choiste Ambasadóirí ACC- AE an 29 Meitheamh 2021 maidir le Cinneadh Uimh. 3/2016 ó Choiste Ambasadóirí ACC- AE maidir leis an Lárionad um Fhorbairt Fiontraíochta a leasú[13]

– Cinneadh Uimh. 2/2021 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 13 Deireadh Fómhair 2021 lena dtugtar urscaoileadh do Stiúrthóir an Lárionaid Theicniúil um Chomhar Talmhaíochta agus Tuaithe (CTA) i ndáil le cur chun feidhme a bhuiséid don bhliain airgeadais 2020[14]

– Cinneadh Uimh. 3/2021 ó Choiste Ambasadóirí ACC- AE an 26 Samhain 2021 maidir le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC- AE a leasú chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE[15]

10 ACP/21/004/20 - ACP-UE 2104/20
11 ACP/84/071/20 - ACP-UE 2106/20
12 ACP/84/072/20 - ACP-UE 2107/20
13 ACP/22/001/21 - ACP-UE 2101/21
14 ACP/84/125/21 – ACP-UE 2104/21
15 ACP/21/003/21 – ACP-UE 2105/21

– Cinneadh Uimh. 1/2022 ó Choiste Ambasadóirí ACC- AE an 21 Meitheamh 2022 maidir le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC- AE a leasú chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE[16]

## 3. Doiciméid pholaitiúla

Ghlac Comhairle Airí ACC-AE an doiciméad seo a leanas de chineál polaitiúil:

– Tuarascáil ó Chomhairle Airí ACC-AE chuig Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE in 2018[17], a ghlac Comhairle Airí ACC-AE an 23 Bealtaine 2019.

---

[16] ACP/21/001/22 – ACP-UE 2101/22
[17] ACP/21/003/19 - ACP-UE 2111/19